



Cén saghas páipéir is fearr chun sú

Gníomhaíocht

RANG	Rang 4 go Rang 6
SCILEANNA	Ag imscrúdú agus ag tástáil, ag dearadh agus ag déanamh.
ÁBHAR	Ábhair: Airíonna agus tréithe ábhar Feasacht agus cúram imshaoil
NASCADH	Matamaitic, Tíreolaíocht, Ealaín
ÁBHAIR / FEARAS	Trí shaghas éagsúla de pháipéar(m.sh. naipcín boird, páipéar cistine, páipéar síoda), siosúr, uisce, cartúin fholmha ime, biadhath dearg agus slat méadrach maille le teaic gorm nó: téad agus pionnaí éadaigh nó:(le haghaidh ranganna sinsir) stiallóga adhmaid, sábh miotal (hacksaw) do dhaoine óga, sábhchlár (benchhook), glúghunna, márla nó teaic gorm.
ULLMHÚCHÁN	Bailigh na hábhair
CÚLRA	Súnn ábhair uisce trí gníomhaíocht ribeach (capillary action). Ciallaíonn sé sin go mealltar uisce go dromchla na snáithíní agus go dtarraingítear suas é ins na spásanna eatarthu. Dá ghairbhe na snáithíní sea is furasta a shúnn an t-ábhar uisce isteach toisc go bhfuil neart spás ann don uisce.
SPRIOC CHEISTEANNA	Seo a leanas roinnt ceisteanna is féidir a chur ar na páistí mar ullmhúchán oiriúnach don gníomhaíocht: Dá ndoirtfeá do dheoch céard a úsáidfeá chun é a thriomú suas? An úsáidfeá sean mhála plaistigh? An úsáidfeá ceirt chadáis? An úsáidfeá páipéar cistine ? An úsáidfeá píosa rubair? Céard iad na héadaí is túisce a thriomaíonn ar an líne níocháin? An iad sin na hábhair is fearr a shúnn uisce isteach? Beidh tú ag fiosrú- Cad a theastaíonn uait a fháil amach? (cén saghas páipéir is fearr chun sú) Céard a athróidh tú? (an páipéar) Cad a choimeádfaidh tú gan athrú? (méid an pháipéir, an méid uisce, an méid ama.) Tá tú anois ag tástáil agus ag breathnóireacht. Cad a fheiceann tú? Cad a fhoghlaimíonn tú faoi shú ón méid seo?



Cén saghas páipéir is fearr chun sú

Gníomhaíocht

ACTIVITY

Tabhair trí chinn de shaghsanna éagsúla páipéir do na páistí agus iarr orthu a bheith ag obair go heolaíoch chun a fháil amach cé acu fearr ag sú. Taispeáin dóibh an fearas atá ar fáil lena dhéanamh.

Gríosaigh na páistí chun smaoineamh ar mhodhanna éagsúla ina bhféadfaí é seo a dhéanamh leis an bhfearas atá ar fáil. Ní mór dóibh taca a dhearadh agus a dhéanamh a chuirfidh ar a gcumas tástáil cothrom a dhéanamh. Ansin caithfidh siad a fháil amach céard é an páipéir is fearr chun sú.

Moltar an mhodh seo a leanas

Dear agus déan taca don tástáil cothrom.

Bain úsáid as slat méadrach mar 'bharra trasna'

NÓ déan téad a shíneadh idir dhá rud.

NÓ le haghaidh ranganna sinsir : Gearr an t-adhmad ina thrí stiall ag baint usáide as an sábhchlár agus an sábh mhiotail. Úsáid an gliúghunna chun iad a ghreamú le chéile i gcruth cuaille báire (nó gilitín mar a thugann na páistí air). Féach an nóta thíos mar gheall ar thaca a dhearadh agus a dhéanamh.

Croch an trí pháipéir ón 'mbarra trasna' nó ón téad, le teaic gorm nó marla.

Cuir uisce sa chartún ime (maraon le cúpla braon de bhiadhath, sa chaoi go mbeidh sé níos fusa an uisce a fheiceáil) agus croch an trí pháipéir ionas nach bhfuil ach an deireadh díobh díreach tumtha san uisce.

Féach cad a tharlaíonn.

Socraigh é i gcoinne an tsolais chun an toradh is fearr a fháil.

Conas a dhéanfaidh na páistí amach céard é páipéir is fearr ag sú? (D'fhéadfaí díospóireacht a chur ar siúl faoi cad atá i gceist againn le seo m.sh. an é an páipéir is tapúla a shúnn uisce isteach?

An é an páipéir is fearr a tharraing an t-uisce suas? Gríosaigh na páistí chun an cheist a phlé go hoscailte gan 'ceart' nó 'mí-cheart' a lua.

SÁBHÁILTEACHT

Cúram le huisce

Cúram leis an sábhchlár agus an gliúghunna (Féach an leabhrán 'Bí Cúramach' le haghaidh eolais mar gheall ar conas iad seo a úsáid go sábháilte sa seomra ranga. Tá sé riachtanach go mbeadh duine fásta ag faire ar na páistí i gcónaí.

LEATHNÚ

Déan plé ar cad iad na nithe a úsáidimid chun rudaí a shú – cuir páipéir i gcomparáid le héadaí agus conas a théann siad i bhfeidhm ar an timpeallacht. Céard faoi sláinteachas. Cad ba chóir a úsáid sa seomra ranga?

D'fhéadfadh páistí an gníomhaíocht a thriail le hola seachas uisce.

Is féidir gníomhaíochtaí do pháistí sóisearacha a fháil ag:

<http://content.scolastic.com/browse/article.jsp?id=3370>

Nóta breise: Taca a dhearadh agus a dhéanamh

Tóg stiall adhmaid 30cm ar fad agus leithead 8 x 8mm nó 10 x 10mm aige. (Is féidir iad seo a cheannach ó sholáthraithe adhmaid, i sleasa de 60cm nó ó sholáthraithe eolaíochta i bpacáí de ghearrthóga 30cm).

Is é an cuspóir ná cruth cuaille báire a dhéanamh ó stiall adhmaid.

Caithfidh leithead an chuaille báire a bheith níos mó ná fad an chartúin ime, m.sh 20cm.

Tomhas agus marcáil fad 20cm ó fhoirceann amháin (cheann) den stiall; ansin tomhas agus marcáil an 40cm eile ina dhá leath do na cuailí.

Socraigh an t-adhmad sa sábhchlár agus gearr go cúramach é ina thrí pháipéir.

Bain feidhm as gliúghunna ar theocht íseal chun an trí pháipéir a ghreamú le chéile chun cruth cuaille báire a dhéanamh.

Fág é le daingniú ar feadh cúpla nóiméad.

Fanfaidh an taca i suíomh ingearach má chuirtear píosaí beaga de theaic gorm nó marla faoi gach 'cos'.